TUAIRISC NUACHTA DHIGITEACH

Inscne & Éagsúlacht in Éirinn 2016-2021 & go hIdirnáisiúnta 2021

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

REUTERS INSTITUTE
UNIVERSITY OF OXFORD
DCU
FuJo
Institiúid DCU um Meáin Todhchaí, Daonlathas agus Sochaí
DCU Institute of Future Media, Democracy and Society

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Inscne agus Éagsúlacht Tomhaltas Nuachta in Éirinn: Mionscrúdú

Tá dhá chuspóir dírithe ar an éagsúlacht i Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023 Tá sé i gceist ag an gcéad sprioc meascán guthanna, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha a éascú sna meáin chlosamhairc agus chlosleabhar a bhreisíonn díospóireacht dhaonlathach agus saoránacht ghníomhach in Éirinn. Tá sé i gceist ag an dara sprioc timpeallacht a chothú sna meáin atá ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht shochaí na hÉireann.

Tá an BAI tar éis a chinntiú go bhfuil treochtaí i dtomhaltas nuachta dhigiteach agus dearcthaí ar an nuacht á rianú agus á thagarmharc, tríd a gcuid maoinithe do tháirgeadh na Tuairisce Nuachta Dhigiteach sa staidéar idirnáisiúnta is mó dá leithéid. Déanann an taighde seo, arna chomhordú ag an Institiúid Reuters in Oxford, imscrúdú ar raon táscairí lena n-áirítear príomhfhoinsí nuachta, muinín sna foinsí sin, rannpháirtíocht, agus samhlacha íocaíochtaí. Déantar scrúdú breise ar tháscairí sna réimsí seo ó raon leathan meonta lena n-áirítear stádas socheacnamaíoch, láthair tíreolaíochta, cleamhnú polaitiúil, agus inscne Bailíodh sonraíocht go bliantúil ó 2016, agus mar sin is acmhainn suntasach í do thaighdeoirí, do chleachtóirí agus do rialtóirí. Rinne an BAI anailís bhreise ar shonraíocht Reuters i 2021 le fócas ar inscne agus ar éagsúlacht, obair a coimisiúnaíodh mar thacaíocht dá thiomantas láidir don éagsúlacht. Mar thaca le tiomantas Údarás Craolacháin na hÉireann don éagsúlacht, déanann an anailís bhreise measúnú ar na gnéithe inscne suimiúla agus ar an rannpháirtíocht leis an nuacht, chomh maith leis an dearcadh ar inscne sa nuacht. Lena chois sin, i roinnt cásanna, rinneadh imscrúdú san anailís ar na réimsí sin i ndáil le catagóirí aicme socheacnamaíoch, rud a thugann léargas ar an réimse spéise breise sin don Údarás.

Tá na torthaí ón togra tiomsaithe sa bhileog eolais seo agus déanfar iad a fhoilsiú chun níos mó díospóireachta a spreagadh maidir le húsáid na nuachta agus gnéithe difriúla den éagsúlacht, ar nós inscne agus aicme socheacnamaíocha. Tugann an doiciméad seo tacaíocht bhreise don anailís atá sna Tuairiscí Nuachta Digiteach d' Éire ó Reuters atá ar fáil cheana féin agus tugann sé léargas breise ar an tionchar atá ag inscne ar an rannpháirtíocht le nuacht agus córais nuachta in Éirinn.

Tá sé mar aidhm ag an mbileog eolais feasacht a chur ar aghaidh i measc soláthraithe nuachta faoin gcaoi a n-úsáideann fir agus mná nuacht agus cúrsaí reatha ar bhealaí éagsúla, chomh maith le daoine ó chúlraí éagsúla. Tá scóip sa bhfaisnéis sa cháipéis do sholáthraithe nuachta a gcuid tairisceana nuachta agus spéise a leathnú.

Tríd an obair seo, tá BAI ag leanúint lena dtiomantas chun tírdhreach meán níos éagsúla a chur chun cinn in Éirinn.

Modheolaíocht

Is í an Tuairisc Nuachta Digiteach ó Institiúid Reuters don Staidéar an an Iriseoireacht ag Ollscoil Oxford an staidéar leanúnach i mó maidir le treochtaí tomhaltais nuachta sa domhan. Déanann YouGov an taighde trí cheistneoir ar líne. Bailítear samplaí i ngach tír ag baint úsáide as cuótaí ionadaíocha d'aois, inscne, réigiún agus oideachas. Déantar an tsonraíocht a thomhas le spriocanna atá bunaithe ar shonraíocht an dhaonáirimh agus tionscadal ghlactha. I 2021, chlúdaigh an tuairisc domhanda 46 tír, ba é an sampla iomlán 80,155 duine fásta agus ba é an sampla iomlán d'Éirinn 2,031.

Aitheantas

Ba mhaith leis an BAI buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas as a gcúnamh agus as a gcabhair: Ollamh Cúnta Dr Dawn Wheatley DCU, Cúntóir Taighde Nollaig O'Connor DCU agus Dr Eileen Culloty Leas Stiúrthóir, Institute for Future Media, Democracy & Society (FuJo) ag DCU.

REUTERS INSTITUTE | UNIVERSITY OF OXFORD | DCU | FuJo Institiúid DCU um Meáin Todhchaí, Daonlathas agus Sochaí DCU Institute of Future Media, Democracy and Society

Tuairimí maidir leis an gClúdach Nuachta

Aireachtáil ar an Inscne

Ag smaoineamh faoi chúrsaí nuachta, conas a mhothaíonn tú faoi chlúdach na ndaoine a bhfuil an inscne céanna acu leat?



- Go ginearálta, ceapann fir Éireannacha (66%) agus mná Éireannacha (62%) go bhfuil 'tuairim is an clúdach ceart' dá n-inscne ar an nuacht.
- Ceapann fír Éireannacha (13%), áfach, go bhfuil an 'iomad' clúdach dá n-inscne sa nuacht, i gcomparáid le mná (6%).
- Cheap níos mó mná Éireannacha (18%) nach raibh 'go leor' clúdach sa nuacht i gcomparáid le fir Éireannach (12%).

Tuairimí maidir leis an Aicme Sóisialta/Eacnamaíoch

Ag smaoineamh faoi chúrsaí nuachta, conas a mhothaíonn tú faoi chlúdach na ndaoine a thagann ón gcúlra céanna sóisialta agus eacnamaíoch leat?



- Ceapann fir agus mná Éireannacha (61%) go bhfuil 'tuairim is an clúdach ceart' dá n-aicme sóisialta/eacnamaíoch sa nuacht.
- Ceapann líon níos airde fir Éireannacha nach bhfuil go leor (20%) chomh maith leis an iomarca (11%) clúdach nuachta dá n-aicme sóisialta/eacnamaíoch i gcomparáid le mná Éireannacha.

Suim sa Nuacht

'An-suim go deo' nó 'roinnt suime' sa Nuacht – bunaithe ar ioncam

Cén suim atá agat sa nuacht?



- In Éirinn, idir 2016 & 2021, feicimid go bhfuil 'suim níos mó' nó 'roinnt suime' ag níos mó daoine atá ar ioncam níos airde sa nuacht ná ag daoine atá ar ioncam íseal.
- In 2018, bhí difríocht 20% ann idir dhaoine ar ioncam ard (79%) agus ar ioncam íseal (59%). Tháinig méadú ar an mbearna seo arís in 2020, le difríocht 25%.
- In 2021, dhún an bearna beagán, le difríocht 14% idir dhaoine ar ioncam ard agus ar ioncam íseal a raibh suim 'an-mhór' acu sa nuacht.

Suim sa Nuacht

- Tharla an difríocht is mó idir an suim a bhí ag fir agus ag mná Éireannacha sa nuacht i 2016 nuair a dúirt níos mó fir (82%) go raibh 'an suim' nó 'roinnt suime' acu sa nuacht ná mná (66%) - difríocht 16%.
- Bhí bearna suntasach eile i 2019 idir fhir agus mhná maidir le suim mhór sa nuacht, dúirt 12% níos mó d'fhir go raibh 'an-suim' nó 'roinnt suime' acu sa nuacht na mná.
- Tá an bearna sa tsuim atá ag fir agus mná Éireannacha ag dúnadh ó 2020 agus 8% atá sa bhearna anois (2021).

Q 'An-suim go deo' nó 'roinnt suime' sa Nuacht – bunaithe ar inscne

Cén suim atá agat sa nuacht?



Q Comparáid Idirnáisiúnta 2021- leibhéil suime sa Nuacht d'fhir agus do Mhná

Cén suim atá agat sa nuacht?

- Tá 'an-suim go deo' ag níos mó daoine in Éirinn sa nuacht maidir le tíortha a bhfuil daonraí cosúla acu, mar shampla, an Danmhairg, an Ostair; agus ár gcomharsana sa Ríocht Aontaithe.
- Ba iad mná Éireannacha is lú 'nach raibh mórán suime' nó 'nach raibh suim ar bith' acu sa nuacht.
- Bhí na leibhéil is mó ag an Ríocht Aontaithe don méid daoine 'nach raibh mórán suime' nó 'nach raibh suim ar bith' acu sa nuacht.



Fir: 'An-Suim Go Deo' nó 'Roinnt Suime' sa Nuacht — 'Gan Mhórán Suime' nó 'Gan Suim ar Bith' sa Nuacht

Mná: 'An-Suim Go Deo' nó 'Roinnt Suime' sa Nuacht — 'Gan Mhórán Suime' nó 'Gan Suim ar Bith' sa Nuacht

Muinín as an Nuacht

Q **'Ceapaim gur féidir bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am''**

Aontaím go láidir/tá claonadh orm aontú



- Tá cosúlacht idir an muinín atá ag fir agus ag mná Éireannacha sa nuacht go ginearálta agus tá sé ard tríd na mblianta.
- D'ísligh an mhuinín sa nuacht i measc fir agus mná Éireannacha in 2019, tar éis laghdú i measc fhir na hÉireann in 2017, ach tháinig ardú arís uirthi in 2021.

Q **'Ceapaim gur féidir bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am''**

Aontaím go láidir/tá claonadh orm aontú



- Aontaíonn níos mó fir ná mná Éireannacha nach bhfuil muinín acu as an nuacht an chuid is mó den am nó tá an claonadh sin acu - b'é an t-aon uair a d'athraigh sé sin ná in 2019, nuair a dúirt níos mó mná ná fir nach raibh siad ábalta bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am.

Muinín as an Nuacht

Comparáid Idirnáisiúnta: Mná agus Fir agus Muinín as an Nuacht

'Ceapaim gur féidir bheith muiníneach as an nuacht an-chuid is mó den am'



- Is í an difríocht is mó idir muinín d'fhir agus do mhná in Éirinn ná an difríocht 5% idir iad siúd a dúirt 'nár aontaigh siad go láidir' nó go raibh 'an claonadh sin acu' go bhfuil muinín acu sa chuid is mó den nuacht an chuid is mó den am. Is é seo an farasbarr is mó ó thaobh inscne de, i gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg, an Ostair agus an Ghréig.
- Deir níos mó mná (55%) ná fir (52%) in Éirinn 'go n-aontaíonn siad go láidir' nó 'go bhfuil an claonadh sin acu' go bhfuil muinín acu as an chuid is mó den nuacht an chuid is mó den am.
- I gcomparáid le mná san Ostair, sa Ríocht Aontaithe & sa Ghréig, tá leibhéil níos airde muiníne ag mná na hÉireann sa nuacht an chuid is mó den am (55%), ach tá an muinín is airde sa nuacht ag mná na Danmhairge (59%).

Na Meáin Shóisialta agus Muinín

Éagsúlacht Oideachasúil

'Is féidir liom bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am'

Aontaím go láidir/tá claonadh orm aontú



- Tá níos lú muiníne ag Éireannaigh a bhfuil oideachas meánach nó ard-oideachas acu sa nuacht ar na meáin shóisialta ná na hÉireannaigh sin le hoideachas íseal (iad siúd nár chríochnaigh sa mheánscoil).

Éagsúlacht Eacnamaíoch

'Is féidir liom bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am'

Aontaím go láidir/tá claonadh orm aontú



- Tá luainiú tagtha ar an muinín sa nuacht ar na meáin shóisialta i ngach leibhéal ioncaim in Éirinn ó 2018: tá laghdú tagtha ar lucht ardioncaim agus iad siúd ar mheán-ioncam, cé go raibh treocht aníos i muinín i measc daoine ar ioncam íseal.
- Tá níos mó muiníne ag daoine atá ar ioncam íseal in Éirinn sa nuacht ar na meáin shóisialta (ardú 5% ó 2018) ná daoine ar mhéan-ioncam/ardioncam.
- San iomlán in Éirinn, tá daoine a bhfuil oideachas níos lú acu, agus a bhfuil ioncam íseal acu níos muiníne as ábhar nuachta a fheiceann siad ar na meáin shóisialta. Bíonn daoine a bhfuil oideachas níos airde acu agus atá ar ioncam níos mó níos sceiptiúla.

Na Meáin Shóisialta agus Muinín

Briseadh síos ó thaobh inscne de

Ceapaim gur féidir liom bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am'



Comparáid Idirnáisiúnta 2021

Ceapaim gur féidir liom bheith muiníneach as an nuacht an chuid is mó den am'

Aontaím go láidir/tá claonadh orm aontú



Fir: 'Aontaím go láidir' nó 'Tá Claonadh Orm Aontú' — 'Easaontaím go láidir' nó 'Tá Claonadh orm Easaontú'

Mná: 'Aontaím go láidir' nó 'Tá Claonadh Orm Aontú' — 'Easaontaím go láidir' nó 'Tá Claonadh orm Easaontú'

- Tá leibhéil cosúil muiníne sa nuacht ar na meáin shóisialta ag Éire agus an Ostair.
- Is í an Danmhairg is mó atá idir dhá chomhairle maidir le an féidir leo muinín a bheith acu as an nuacht ar na meáin shóisialta.
- Níor aontaigh formhór daoine gur féidir leo bheith muiníneach as an nuacht ar na meáin shóisialta, ach tá an cuma ar an scéal go bhfuil ardú tagtha ar na leibhéil muiníne in Éirinn i gcomparáid le 2020.
- Ní aontaíonn céatadán ard fir agus mná sa Ríocht Aontaithe gur féidir leo bheith muiníneach as an nuacht ar na meáin shóisialta an chuid is mó den am.
- Níl ach céatadán fíorbheag daoine a aontaíonn "go láidir" go raibh an nuacht ar na meáin shóisialta iontaofa an chuid is mó den am.

Imní faoin mBréagnuacht agus faoin mBréagaisnéis

Q **Comparáid Idirnáisiúnta 2021**
'Ag smaoineamh faoin nuacht ar líne, táim imníoch faoi cad atá fíor agus cad atá bréagach ar líne'

Aontaím go láidir/ tá claonadh orm aontú



- Tá an imní is airde maidir le cad atá fíor agus cad atá bréagach ar líne ag Éire agus ag an Ríocht Aontaithe.
- Tá imní maidir le cruinneas an ábhair atá á fheiceáil acu ar líne ag níos mó ná dhá thrian de mhná (agus nach mór an líon céanna fir) in Éirinn.
- Tá an imní céanna maidir le ábhar nuachta bhréagach ar líne ag fir agus ag mná Gréigeacha, Éireannacha agus na Ríocht Aontaithe, ach níl an imní céanna faoin nuacht ar líne ag lucht féachana lár na hEorpa, na hOstaire agus na Danmhairge.
- B'fhéidir nach bhfuil an imní faoi chreidiúnacht ábhar nuachta aisteach nuair a iarrtar go soiléir faoi cad atá "fíor" nó "bréagach" nuair a chuirtear na torthaí ar an leathanach roimhe san áireamh, a léiríonn go ndeir 18-19% de hÉireannaigh gur féidir leo bheith muiníneach as an nuacht ar na meáin shóisialta an chuid is mó den am.



Imní faoin mBréagnuacht agus faoin mBréagaisnéis

Q **Comparáid Idirnáisiúnta 2021**

'Ag smaoineamh faoi nuacht ar líne, táim imníoch faoi cad atá fíor agus cad atá bréagach ar an Idirlín'



● 'Aontaím go láidir' nó' 'Tá Claonadh Orm Aontú' ● Ní aontaím / Ní aontaím
● 'Easaontaím go láidir' nó 'Tá Claonadh orm Easaontú'

- Is iad mná na Danmhairge an dream is mó atá muiníneach faoin nuacht a fheiceann siad ar líne. Deir beagnach leath dóibh (49%) nach bhfuil imní orthu faoin mbréagnuacht, níos mó ná dhá oiread fhreagra mhná na hÉireann.
- Is iad mná na hÉireann a bhfuil na tuairimí is láidre acu pé scéal é; ní dúirt ach 10% nach raibh tuairim acu ar an scéal.



Rochtain ar an Nuacht

Q **Mná agus Minicíocht Rochtain ar an Nuacht 2021**

'Cé chomh minic is a thagann tú ar nuacht?'

- Tá an leibhéal is airde (25%) ó thaobh theacht ar an nuacht 'uair amháin sa lá' ag mná na hÉireann, i gcomparáid le mná sa Ríocht Aontaithe, sa Danmhairg, san Ostair agus sa Ghréig.
- Tá an leibhéal is airde ó thaobh theacht ar an nuacht 'níos mó ná deich n-uaire in aghaidh an lae' ag mná sa Ghréig.
- Tá an leibhéal is lú ó thaobh theacht ar an nuacht níos mó ná deich n-uaire in aghaidh an lae' ag mná in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.



● Uair amháin in aghaidh an lae
● Níos mó ná 10 n-uaire in aghaidh an lae

Rannpháirtíocht leis an Nuacht

Q **'An úsáideann tú aon cheann de na bealaí seo thíos chun an nuacht a roinnt nó le páirt a ghlacadh i gclúdach nuachta?'**



Q **Nuacht a Roinnt agus Páirt a Ghlacadh inti**

Trácht a dhéanamh ar Scéal Nuachta



Q **Nuacht a Roinnt agus Páirt a Ghlacadh inti**

Nuacht a roinnt ar na Meáin Shóisialta/Messenger



- San iomlán in Éirinn, d'fhan an chuid is mó de na catagóirí rannpháirtíochta sách seasta laistigh de na catagóirí fir/mná faoi seach thar na trí bliana roimhe. Bhí laghdaithe beaga i roinnt ríomhphost/sna meáin sóisialta agus i dtrácht a dhéanamh ó 2019, a mhalairt de scéal atá ann le húsáid athchóirithe laistigh de na catagóirí rannta eile i 2020.
- Is é is dóichí go roinnfidh mná na hÉireann nuacht ná fir na hÉireann, agus is mar seo a bhí le trí bliana anuas. Mhéadaigh an bearna ó 1% i 2020 go 3% i 2021.
- Sin ráite, bíonn fir na hÉireann ag roinnt a gcuid tuairimí agus ag déanamh tráchta ar scéalta níos mó: léirigh an bearna in 2021 difríocht 4% idir chleachtais tráchta fhir agus mhná na hÉireann.

Rannpháirtíocht leis an Nuacht

Q Comparáid Idirnáisiúnta - Rannpháirtíocht leis an Nuacht 2021

'An úsáideann tú aon cheann de na bealaí seo thíos chun an nuacht a roinnt nó le páirt a ghlacadh i gclúdach nuachta?'



- Go hidirnáisiúnta, tá rátaí rannpháirtíochta arda 'dearfacha ' agus 'frithghníomhacha' d'fhir agus do mhná ag Éire, i gcomparáid leis an Danmhairg agus leis an Ríocht Aontaithe.
- I ngach tír, feictear go bhfuil dóchúlacht níos mó ann go mbeidh mná níos neamhghníomhaí ná fir ina gcur chuige maidir leis an nuacht ar líne (seachas sa Ríocht Aontaithe, áit nach bhfuil aon difríocht inscne ann). Idir an dá linn, tá seans níos mó ann go mbeidh rannpháirtíocht dearfach ag na fir sa chúig tír céanna le nuacht ar líne ná mná.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann
2 - 5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath D02 XP29

+353 (0)1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets

REUTERS INSTITUTE | UNIVERSITY OF OXFORD

Reutersinstitute.politics.ox.ac.uk

DCU

FuJo
Institiúid DCU um Meáin Todhchaí, Daonlathas agus Sochaí
DCU Institute of Future Media, Democracy and Society

Fujomedia.eu @FuJoMedia FuJoMedia